C/2024/588

4.1.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11314 — BAIN CAPITAL / OUTSOURCING)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/588)

1. An 19 Nollaig 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Bain Capital Investors, LLC ('Bain Capital', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Outsourcing Inc. ('Outsourcing', an tSeapáin).

Gheobhaidh Bain Capital rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Outsourcing ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 8 Nollaig 2023.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht infheistíochta cothromais phríobháidigh é Bain Capital, atá ionchorpraithe sna Stáit Aontaithe, a infheistíonn i gcuideachtaí ar fud na hEorpa, i gCríocha Mheiriceá, agus i réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise i roinnt tionscal, lena n-áirítear teicneolaíocht faisnéise, cúram sláinte, táirgí miondíola agus tomhaltais, cumarsáid, seirbhísí airgeadais, agus an earnáil tionsclaíochta/déantúsaíochta,

— Is cuideachta Seapánach é Outsourcing atá gníomhach i soláthar seirbhísí acmhainní daonna. Feidhmíonn Outsourcing i 39 dtír, trí 98 ngrúpchuideachta. San Aontas Eorpach, tá grúpchuideachtaí Outsourcing gníomhach i soláthar seirbhísí fostaíochta sealadaí agus buaine.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11314 — BAIN CAPITAL / OUTSOURCING

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË